Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10984 — MESSER / TOYOTA TSUSHO EUROPE / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 207/03)

1. An 6 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Messer SE & CO KGaA ('Messer', an Ghearmáin), atá faoi rialú go hindíreach Messer Industrie GmbH (an Ghearmáin),

— Toyota Tsusho Europe S.A. ('TTE', an Bheilg), atá faoi rialú deiridh Toyota Tsusho Corporation (TTC, an tSeapáin),

— Cuideachta nuachruthaithe (an 'Sprioc-chomhfhiontar', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Messer agus TTE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an Sprioc-chomhfhiontar.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is táirgeoir gás tionsclaíoch, gás speisialtachta, gás míochaine agus meascán gáis é Messer;

— Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Toyota Tsusho Corporation é Toyota Tsusho Europe, cuideachta trádála atá ag feidhmiú ar fud an domhain sna hearnálacha miotail, páirteanna agus lóistíochta, mótarfheithiclí, innealra, fuinnimh agus tionscadail, ceimiceáin agus leictreonaic, agus san earnáil bhia agus in earnáil na seirbhísí tomhaltóirí.

3. Is iad na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an Sprioc-chomhfhiontair nuabhunaithe: Cuirfidh an Sprioc-chomhfhiontar seirbhís ionaid ilfhreastail ar fáil d'oibreoirí flít, a chuimseoidh soláthar feithiclí soghluaisteachta hidrigine (e.g. busanna breosla-chille), seirbhísí cothabhála agus bainistithe flít chomh maith le táirgeadh agus soláthar hidrigine glaise ar an láthair. Díreoidh an Sprioc-chomhfhiontar nua den chuid is mó ar thionscadail san Eoraip.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10984 — MESSER / TOYOTA TSUSHO EUROPE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË